Lúnasa 2024

# Cill Dara le Gaeilge

## Nuachtlitir




Fáilte chuig Nuachtlitir Chill Dara le Gaeilge! Má tá tuilleadh eolais uait ar aon cheann de na míreanna nuachta seo, féach ar rannóg nuachta ár suíomh gréasáin anseo. Má tá scéal ar bith agat ar mhaith leat a chur sa nuachtlitir, seol chugainn é.

Welcome to the Cill Dara le Gaeilge Newsletter! If you want more information on any of the news segments below, see the news section of our website here. If you have any story you'd like to be included in our newsletter, send it to us to share.

**Tuilleadh Eolais:**

**www.cilldaralegaeilge.ie** **045 397320** **eolas@cilldaralegaeilge.ie**

## FÉILIRE NUA IMEACHTAÍ !




Tá féilire nua ar fáil anois ar www.cilldaralegaeilge.ie áit ar féidir teacht ar na himeachtaí Gaeilge atá ar siúl sa chontae. Agus má tá imeacht á eagrú agat féin, is féidir leat é a chlárú ar an bhféilire anseo!

There is a new events calendar on our website where you can find details of Irish-language events happening in the county. And if you are organising an event, you can register it on our calendar here!

## POBAL WHATSAPP

Is ann do ghrúpa WhatsApp "Pobal na Gaeilge, Co. Chill Dara", áit a roinntear nuacht agus fógraí leis na grúpaí Gaeilge éagsúla a bhfuil baint acu le Cill Dara le Gaeilge. Is féidir a bheith i do bhall den phobal ach clárú anseo.

We have a WhatsApp group "Pobal na Gaeilge, Co. Kildare" for sharing news and notices with the different Irish-language groups affiliated to Cill Dara le Gaeilge. You can join the group by registering here.



# Féile na Sollán 2024

30/8-1/9 2024

Féile na Sollán

Sallins Tradfest

Beidh Féile na Sollán ar siúl i mbliana ón 30 Lúnasa go dtí an 1 Meán Fómhair. Beidh stáitse amuigh faoin aer cois canálach Dé Sathairn, agus rogha iontach imeachtaí Gaeilge agus dátheangacha ar siúl le linn an deiridh seachtaine: seó clainne le Fanzini, ceolchoirmeacha amuigh faoin aer, Pop-up Gaeltacht, imeachtaí do leanaí, ceardlann choimicí, ceardlann drumadóireachta d'óg agus d'aosta, ciorcail chomhrá ar an mbairse agus céilí amuigh faoin aer ina measc. Tá an clár ar fáil anois ar www.sultnasollan.ie agus is féidir clárú do na himeachtaí anseo, nó trí cliceáil ar na póstaeir thíos.

Féile na Sollán will take place from 30 August to 1 September this year. On Saturday there will be an outdoor stage and there will be a great choice of Irish and bilingual events throughout the weekend: a family show with Fanzini, outdoor concerts, a Pop-up Gaeltacht, activities for children, a comicbook workshop, a drumming workshop for young and old(er), conversation circles on the barge, and an outdoor céilí amongst other things. The programme is available on www.sultnasollan.ie and you can register for the events here or by clicking on the posters below.











Bígí Linn!!!
30/8-1/9 2024
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
@SULTNASOLLAN
Sult na Sollán
CILL DARA le GAEILGE
Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara
Foras na Gaeilge


RAILWAY INN
Pop-Up Gaeltacht
Féile na Sollán
Cuirimis tús spleodrach le Féile na Sollán!!
Ceol beo ar an oíche!
IONAD: JP HEALYS, NA SOLLÁIN
AM: 21:00, 30/09/24
POP UP Gaeltacht
Sult na Sollán
30/8-1/9 2024
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara
CILL DARA le GAEILGE


Céilí na n-Óg
Cumann Lúth Cleas Gael
Na Sollain
Bunaithe 1887
10:00, 31/08/24, CLG na Sollán
Sult na Sollán
30/8-1/9 2024
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara
CILL DARA le GAEILGE


SCÉALAÍOCHT AGUS CEOL
LE
JULIE ANNE DE BRÚN
HALLA AN PHARÓISTE, NA SOLLÁIN
11:00-12:00, DÉ SATHAIRN, 31 LÚNASA
CLÁRAIGH AR: WWW.FEILENASOLLAN.COM
Sult na Sollán
30/8-1/9 2024
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara
CILL DARA le GAEILGE


CEARDLANN
DRUMADÓIREACHTA
COIS CANÁLA, NA SOLLÁIN
(Nó i Halla an Pharóiste i gcás drochaimsire)
OIRIÚNACH DO GACH DUINE
12:15 - 13:00
13:15 - 14:00
DÉ SATHAIRN, 31 LÚNASA
CLÁRAIGH AR:
WWW.FEILENASOLLAN.COM
Sult na Sollán
30/8-1/9 2024
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara
CILL DARA le GAEILGE


Seó Clainne le
FANZINI
PRODUCTIONS
Halla an Pharóiste, Na Sollán
14:30-15:30, 31/08/24
Sult na Sollán
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Glór na nGael
TEANGA TÍ
Foras na Gaeilge
Kildare County Council
CILL DARA le GAEILGE


Ciorcal Comhrá ar an mBáirse
Dé Sathairn 31 Lúnasa
13:00 Turas Báirse
Barge Trip
14:30 Turas Báirse trí Ghaeilge
Barge Trip through Irish
15:45 Turas Báirse
Barge Trip
CEOL BEO AR BORD
ÚSÁID DO CHÚPLA FOCAL!
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara


Ceardlann ar Dhéantúsaíocht Uirlisí Ceoil
LE MACDARA Ó FAOLÁIN
DÉ SATHAIRN
31 LÚNASA
16:00-17:00
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara


MACDARA Ó FAOLÁIN,
TG4 CEOLTÓIR ÓG NA BLIANA
STÁITSE NA FÉILE NA SOLLÁIN
(os comhair Chaifé Grange)
17:30-19:30, 31/08/24
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara


BRICFEASTA AS GAEILGE
CAIFÉ GRANGE, NA SOLLÁIN
11:00-12:00, DÉ DOMHNAIGH, 01/09/24
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara


An Bhladhm Bheo
Mná Chill Dara le Bríd
Comóradh ar mhná Chill Dara ar éagsúlacht aoiseanna, cúlraí, dearcthaí ach iad nasctha le chéile ag an nGaeilge agus ag oidhreacht Naomh Bríd
Scannán le Swansong Films
17.00- 18.00, 31/08/24
Halla an Phobail, na Solláin
BRÍD 1500


Bígí Linn!!!
30/8-1/9 2024
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
@SULTNASOLLAN
Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara
Foras na Gaeilge


Seisiún Spraoi do Leanaí
le Sarah Sparkles
Halla an Pharóiste, na Solláin
11.00-12.00, 01/09/24
Cláraigh ar www.feilenasollan.com
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council


Rang Ióga
Óga Yoga
Spórt, Spraoi & Suaimhneas
12:00 - 13:00
01/09/24
Halla an Pharóiste,
sna Solláin
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council


WOW!
CEARDLANN COIMICÍ
HALLA AN PHARÓISTE
NA SOLLÁIN
CLÁRAIGH AR
WWW.FEILENASOLLAN.COM
14:00-15:00
01/09/24
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council


Caint Staire
le James
Lawless
14:00-15:00,
01/09/24
Reilig Bhaile
Bhuadáin
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council


Céilí
16.00 - 18.00, 01/09/24
Taobh amuigh faoin aer
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Foras na Gaeilge
Kildare County Council


30/8-1/9 2024
Féile na Sollán
Sallins Tradfest
Cláraigh anseo!
www.feilenasollan.com
Kildare County Council
Foras na Gaeilge

# Coiscéim Chill Dara

Cuireadh grúpa nua do shiúlóirí ar bun i mí an Mheithimh darb ainm Coiscéim Chill Dara. Eagraítear siúlóid amháin gach mí, áit éigin i gCill Dara. Is deis iontach í do dhaoine le Gaeilge bailiú le chéile agus cuid de na radhrcanna áille i gCill Dara a fheiceáil.

A new group for walkers was founded in June called Coiscéim Chill Dara. One walk is organised each month, somewhere in Kildare. It is a great opportunity for people who speak Irish to get together and see some of the beautiful sights in Kildare.



Bhí an chéad siúlóid againn Dé Sathairn 8 Meitheamh. Shiúlamar an Glasbhealach nua sna Solláin agus bhí an t-ádh dearg orainn leis an aimsir. Chuamar go Caifé Grange tar éis na siúlóide, áit a bhfuair na siúlóirí ar fad deoch saor in aisce. Chuamar go Coillín Tomáis i Ráth Iomgháin don dara siúlóid ar an 12 Iúil agus bhain gach duine an-taitneamh as.

We had our first walk on Saturday 8th June. We walked the new Greenway in Sallins and were very lucky with the weather. After the walk we went to Café Grange, where all the walkers got a free drink. We went to Killinthomas Woods in Rathangan for the second walk on the 12th July and everyone really enjoyed it.




Beidh an chéad siúlóid eile ar siúl i bPáirc Foraoise Dhomhnach Dheá ar an 17 Lúnasa agus táimid ar fad ag súil go mór leis. Tá tuilleadh sonraí ar fáil don imeacht seo agus d'imeachtaí eile freisin ar ár n-árdáin meáin shóisialta agus ar www.cilldaralegaeilge.ie.

Our next walk will take place in Donadea Forest Park on the 17th August and we are all looking forward to it. More details are available for this event and other events on our social media platforms and on www.cilldaralegaeilge.ie.

# COMHCHOISTE GAEILGE AN OIREACHTAIS

Thug toscaireacht ó Chomhchoiste Gaeilge an Oireachtais cuairt ar Chill Dara le Gaeilge i Nás na Ríogh an 4ú Iúil. Bhí sé de sprioc ag an toscaireacht an t-iarratas chun Líonra Gaeilge a bhaint amach do cheantar Nás na Ríogh/na Sollán a phlé. Is é an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh atá ina chathaoirleach ar an gCoiste agus thug sé ardmholadh don obair mhór atá ar siúl ag Cill Dara le Gaeilge agus ag na grúpaí pobail sa chontae chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

A delegation from the Joint Committee of the Oireachtas on the Irish Language visited Naas on July 4th. The goal of the delegation was to discuss the application to establish an Irish Language Network (Líonra) for the Naas/Sallins area. The Committee is chaired by Aengus Ó Snodaigh, T.D., and he paid tribute to the great work being done by Cill Dara le Gaeilge and by the community groups in the county to promote the Irish language.

Thug an toscaireacht cuairt ar Ghaelcholáiste Mhaigh Nuad freisin le bualadh leis an bpríomhoide agus le grúpa tuismitheoirí. Ó bunaíodh é, tá an Gaelcholáiste lonnaithe ar shuíomh sealadach agus iad i mbun stocaireachta le suíomh buan, oiriúnach a fháil don scoil. Is féidir tuilleadh a léamh faoin gcuairt anseo.

The delegation also travelled to Gaelcholáiste Mhaigh Nuad to meet the principal and a group of parents. Since its inception, the Gaelcholáiste has been located on a temporary site and is lobbying for a permanent, suitable site for the school. Read a full account of the visit here.














# Ciorcail Chomhrá i gCo. Chill Dara




An raibh a fhios agat go mbíonn ciorcal comhrá ar siúl i mbeagnach gach leabharlann i gcontae Chill Dara? Agus go mbíonn imeachtaí rialta ar siúl i nGaeilge nó go dátheangach iontu? Is féidir clárú do nuachtlitir na leabharlainne anseo.

Did you know that there is a conversation circle in almost every library in County Kildare? And that they host regular events in Irish or bilingually? You can register for the library newsletter here.




Táimid ag baint an-taitneamh as na maidineacha caife gach maidin Dé Céadaoin ag 10:30 in Insomnia, Nás na Ríogh. Cuirtear fáilte mhór roimh dhaoine nua am ar bith, agus fáilte roimh leanaí leis.

We are really enjoying the coffee mornings every Wednesday morning at 10:30 in Insomnia, Naas. Newcomers are warmly welcomed at any time, and children are welcome.




Tagann pobal na Gaeilge le chéile gach Satharn ag 11:00 do Bhricfeasta as Gaeilge i gCafé Aroma Mocha, Nás na Ríogh. Fáilte roimh chách! Tuilleadh eolais: gaeilge@sultnasollan.ie

The Irish language community meets every Saturday at 11:00 for breakfast as Gaeilge in the café, Aroma Mocha Café in Naas. Everyone is welcome! For more information: gaeilge@sultnasollan.ie

# Imeachtaí eile atá ag teacht go luath




Beidh turas treoraithe i nGaeilge i mBaile Chill Dara Dé hAoine an 23ú Lúnasa mar chuid de Sheachtain na hOidhreachta. Tapaigh an deis foghlaim faoi stair spéisiúil bhaile álainn Chill Dara ó Shéamus de Búrca ó Ghlór an Churraigh. Beimid ag teacht le chéile ag Teach an Mhargaidh ar 14.30.

As part of National Heritage week Séamus de Búrca from Glór an Churraigh will host a walking tour in Irish on the 23rd August in Kildare Town. Join us at 2.30 outside the Market House to learn about the history of the lovely town of Kildare..




Beidh tús á chur arís le Club Leabhar Chill Dara le Gaeilge ar an 10ú Meán Fómhair. Tá fáilte roimh bhaill nua i gcónaí. Fiú muna mbíonn an deis agat gach leabhar a léamh, is deas a bheith ann don phlé agus don chupán tae dar ndóigh! Tuilleadh eolais: caoimhe@cilldaralegaeilge.ie.

The Book Club will be up and running again on the 10th September. New members are always welcome. Even if you don't have the chance to read every book, you're welcome for the discussions, and for the cuppa of course! More info: caoimhe@cilldaralegaeilge.ie




Oscailt súl a bheidh sa turas seo ar Pháirc an Chrócaigh. Beidh deis againn cuairt a thabhairt ar áiteanna sa staid nach bhfeictear de ghnáth agus cloisteáil faoi mhór-eachtraí i stair na hÉireann. Tar linn agus tabharfaidh na treoraithe thú ar thuras spreagúil timpeall ár staid náisiúnta.
Ceannaigh ticéid anseo.

An all-access tour of Croke Park will be an eye-opening experience and you will learn about key moments in Irish history. Come with us and the guides will take you on an exciting journey around our national stadium.
Buy tickets here.

# Teaghlaigh Chill Dara



IMEACHTAÍ ATÁ LE TEACHT LE
UPCOMING EVENTS WITH
Teaghlaigh Chill Dara

| | | |
|---|---|---|
| 17 LÚNASA | Teacht le chéile i gclós spraoi na Sollán<br>*Trip to the playground in Sallins* | 17 AUGUST |
| GACH MÍ | Scéalta agus amhráin i leabharlann Nás na Ríogh gach dara Satharn<br>*Stories and songs in Naas library every second Saturday* | EVERY MONTH |
| 2 DEIREADH FÓMHAIR | Ranganna Gaeilge "Tús Maith" do thuismitheoirí<br>*"Tús Maith" Irish classes for parents* | 2 OCTOBER |
| 8 DEIREADH FÓMHAIR | Caint le Tara ó Ghlór na nGael faoi chlann a thógáil le Gaeilge<br>*Talk by Tara from Glór na nGael about raising a family with Irish* | 8 OCTOBER |
| 19 DEIREADH FÓMHAIR | Turas ar Pháirc an Chrócaigh do theaghlaigh<br>*Family trip to Croke Park* | 19 OCTOBER |
| SAMHAIN | Ceardlann rannta agus amhrán do pháistí<br>*Workshop for parents on songs and rhymes for children* | NOVEMBER |
| 7 NOLLAIG | Cuairteoir speisialta ar leabharlann Nás na Ríogh!<br>*A special visitor to Naas Library!* | 7 DECEMBER |

Tuilleadh eolais:
www.cilldaralegaeilge.ie
https://www.tickettailor.com/events/cilldaralegaeilge

Tá an grúpa "Teaghlaigh Chill Dara" ann le tacú le tuismitheoirí atá ag tógáil a gclainne nó ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge. Tá grúpa WhatsApp ann ina roinntear eolas úsáideach do thusmitheoirí agus eagraíonn Cill Dara le Gaeilge imeachtaí rialta i rith na mbliana. Tuilleadh eolais anseo.

Teaghlaigh Chill Dara is a group for parents who are raising their family through Irish, or who are interested in doing so. We have a WhatsApp group to share information useful to parents and Cill Dara le Gaeilge organises regular events also. More information here.




Deis do thuismitheoirí agus páistí aithne a chur ar theaghlaigh eile le Gaeilge sa cheantar. Fáilte roimh pháistí d'aois ar bith! Beimid ag teacht le chéile ag Caifé Grange ar a 11 nó beidh tú in ann teacht orainn sa pháirc spraoi ina dhiaidh sin.

An opportunity for parents and children to get to know other families with Irish. Children of all ages welcome. We'll be meeting at Café Grange at 11 or you can find us in the playground after that!




Beidh na seisiúin scéalaíochta do leanaí ag tosnú arís an 14 Meán Fómhair. Deis ag leanaí píosa beag spraoi a bheith acu i nGaeilge trí scéalta agus amhráin. Tuilleadh eolais: caoimhe@cilldaralegaeilge.ie.

The storytelling sessions for children will start again in Naas Library in September. A lovely opportunity for children to enjoy themselves through songs and stories in Irish. More info: caoimhe@cilldaralegaeilge.ie.

# Ranganna Gaeilge

CILL DARA le GAEILGE

# Ranganna Gaeilge
## Irish Language Classes

CILL DARA le GAEILGE



19:00-20:00 TOSAITHEOIRÍ BEGINNERS
20:00-21:00 MEÁNLEIBHÉAL INTERMEDIATE LEVEL
Dé Máirt Every Tuesday 24/09/24-12/11/24
€60 EURO IN AGHAIDH AN CHÚRSA PER COURSE

The Monread Community Centre
Ascaill an Mhaidilín Maudlins Avenue Nás na Ríogh Naas
Co. Chill Dara Co. Kildare W91 FNV9

**CLÁRAIGH ANSEO! REGISTER HERE!**

## Tús Maith

Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí/caomhnóirí
Irish Language Classes for parents/guardians

Leibhéal 1 20:00-21:00:
Tosaitheoirí Complete beginners

Leibhéal 2 21:00-22:00:
Daoine a bhfuil an cúpla focal acu
People with "cúpla focal"

Ar siúl ar Zoom On Zoom 03/10/24-28/11/24

**CLÁRAIGH ANSEO! REGISTER HERE!**

Foras na Gaeilge · Glór na nGael · Conradh na Gaeilge · Crannchur Náisiúnta · Kildare County Council Comhairle Contae Chill Dara · STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

# Gnó Chill Dara

An raibh a fhios agat gur féidir leat do ghnó a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as an nGaeilge? Táimid anseo le cabhrú leat! Cláraigh le scéim gnó Gaeilge an chontae, Gnó Chill Dara. Tar i dteagmháil linn – tá an scéim seo saor in aisce! Cláraigh anseo.

Did you know that you can promote your business through the use of the Irish Language? We are here to help! Register with the Irish business scheme for the county, Gnó Chill Dara. Get in touch with us – this scheme is free of charge! Register here.

| Bain úsáid as do chúpla focal - Go on, give it a go! | | |
|---|---|---|
| **Gaeilge** | **Béarla** | **Phonetic** |
| Fáilte isteach | Welcome | Fawil-che ish-choch |
| An féidir liom cabhrú leat? | Can I help you? | On faydir lum cow-roo leat? |
| Tá sladmhargadh ar bun anseo faoi láthair | There is a sale on at the moment | Taw slod-var-ga ayr bun on-shoh fwee lawher |
| Leathphragas atá air | It's only half price | La-fry-is ataw ayr |
| Tá an ceann seo níos saoire | This one is less expensive | Taw an cyown shoh nees seera |
| Sin margadh maith | That's a good bargain | Shin marga mah |
| Is féidir leat íoc le cárta nó le hairgead tirim | You can pay by card or cash | Iss faydir lath eek leh karta noo leh sheck noo le harigad trim |



# Grúpaí Pobail i gCill Dara

CILL DARA le GAEILGE

Gaeilge an Bhradáin

## Léim an Bhradáin
## Leixlip
**Tuilleadh eolais**
More information

Gaeilge Chois Bhearú

## Átha Í
## Athy
**Tuilleadh eolais**
More information

GAEILGE NUADA

## Maigh Nuad
Maynooth
**Tuilleadh eolais**
More information

GLÓR AN CHURRAIGH


## Cill Dara/Droichead Nua
Kildare/Newbridge
**Tuilleadh eolais**
More information

Sult na Sollán

## Na Solláin/Nás na Ríogh
Sallins/Naas
**Tuilleadh eolais**
More information

**Tuilleadh Eolais:**
www.cilldaralegaeilge.ie 045 397320 eolas@cilldaralegaeilge.ie

# Firicí Fánacha na hÉireann




1. Siombail náisiúnta na hÉireann (uirlis ceoil)
2. Tá an ghrian ag _ na gcloch
3. Siombail náisiúnta na hÉireann (nasctha le Naomh Pádraig)
4. An spórt is mó in Éirinn
5. An comórtas idirnáisiúnta atá buaite ag Éirinn níos minice ná tír ar bith eile
6. Ainm an chéad chineál scríbhneoireachta a bhí in Éirinn
7. Bia naisiúnta na hÉireann
8. Saoire dhomhanda a thosaigh in Éirinn
9. An abhainn is faide in Éirinn
10. Ainm eile ar Chú Chulainn

**Tuilleadh Eolais:**

**www.cilldaralegaeilge.ie** **045 397320** **eolas@cilldaralegaeilge.ie**